Cad iad Síolta agus Aistear?

Is iad Síolta agus Aistear na Creataí Náisiúnta um Fhoghlaim Luathbhlianta a chuireann tacaíocht ar fáil do sheirbhísí le haghaidh leanaí ón am a bheirtear iad go dtí go mbíonn siad 6 bliana d'aois. Is féidir faisnéis mhionsonraithe a fháil ag www.siolta.ie agus ag www.ncca.ie/earlychildhoodframework.

Is iad seo a leanas sonraí teagmhála na gCoistí Cathrach agus Contae um Chúram Leanaí:

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi scéim na Bliana Réamhscolaíochta saor in aisce ba chóir duit dul i dteagmháil le do choiste Cathrach agus Contae um Chúram Leanaí áitiúil.

Ceatharlach	059 91 40244
An Cabhán	049 95 29882
An Clár	065 68 64862
Cathair Chorcaí	021 45 07942
Contae Chorcaí	022 23 880
Dún na nGall	074 91 32416
Cathair Bhaile Átha Cliath	01 54 24100
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	01 23 68030
Fine Gall	01 80 77660
Gaillimh	091 75 2039
Ciarraí	066 71 81582
Cill Dara	045 86 1307
Cill Chainnigh	056 77 52865
Laois	057 86 61029
Liatroim	071 96 40870
Cathair Luimnigh	061 40 7525/7527
Contae Luimnigh	061 60 0918
An Longfort	043 42505
An Lú	041 68 59912
Maigh Eo	094 90 47010
An Mhí	046 90 73010
Muineachán	047 72896
Tiobraid Árann Thuaidh	067 44888
Uíbh Fhailí	057 91 35878
Ros Comáin	094 96 22540
Sligeach	071 91 48860
Baile Átha Cliath Theas	01 457 0122
Tiobraid Árann Theas	052 82274
Cathair Phort Láirge	051 860444
Contae Phort Láirge	058 43601
An Iarmhí	044 93 35454
Loch Garman	053 92 37156
Cill Mhantáin	0404 64455

Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
Iúil 2009

Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
Office of the Minister for Children and Youth Affairs

Department of Health & Children
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ

Arna dhearadh ag **Penhouse Design** www.penhouse.ie

Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
Office of the Minister for Children and Youth Affairs

Department of Health & Children
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ

TREOIR DO THUISMITHEOIRÍ MAIDIR LE

Bliain Réamhscoile saor in aisce sa Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige



Cad is Bliain Réamhscolaíochta saor in aisce sa Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE) ann?

Is scéim nua í an ECCE atá leagtha amach le go mbeidh leanaí in ann freastal ar Bhliain Réamhscolaíochta saor in aisce ina mbeidh clár gníomhaíochtaí oiriúnacha ar siúl sula dtéann siad go dtí an mbunscoil. Nuair a fhreastalaíonn leanaí i gclár réamhscolaíochta bíonn taithí fhoirmiúil acu den chéad uair riamh ar luathfhoghlaim, agus is ann a thosaíonn ag gcuid oideachais agus forbairt sóisialta lasmuigh den teaghlach. Is mó an seans go mbeidh leanaí a fhreastalaíonn ar réamhscoil ullamh don scoil agus don timpeallacht foirmiúil foghlamtha agus sóisialta.

An mbeidh mo leanbhsa incháilithe?

Tá an ECCE oscailte do gach leanbh atá idir 3 bliana is 3 mhí agus 4 bliana is 6 mhí ar 1 Meán Fómhair gach bliain. Ní foláir nó gur rugadh leanaí idir 1 Márta 2005 agus 30 Meithimh 2006 le bheith in ann bliain réamhscolaíochta saor in aisce a bheith acu in Eanáir 2010. Ní foláir gur rugadh leanaí idir 1 Márta 2006 agus 30 Meithimh 2007 le bheith in ann bliain saor a bheith acu ag tosú i Meán Fómhair 2010.

Cén áit ar féidir liom mo leanbhsa a chur ar an rolla chun bliain réamhscolaíochta saor in aisce a fháil?

Tá beagnach 5,000 seirbhísí réamhscolaíochta ar cuireadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar an eolas fúthu nó atá cláraithe le Bord Oideachais Montessori Éireann (IMEB). Tá siad sin go léir i dteideal cur isteach le páirt a ghlacadh sa scéim. Beidh tuismitheoirí in ann liosta díobh siúd atá inghlactha faoin scéim a fháil ón gCoiste um Chúram Leanaí i do Chathair nó do Chontae áitiúil ó Dheireadh Fómhair 2009 ar aghaidh. Féadfaidh tuismitheoirí dul i dteagmháil leis na seirbhísí liostáilte ag an am sin chun go gcuirfear a leanaí ar an rolla. Más rud é go bhfuil do leanbh ag freastal ar sheirbhís réamhscolaíochta, nó má bheidh sé nó sí ag freastal uirthi ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh, agus más grúpa súgartha nó seirbhís lánaimseartha nó páirtaimseartha chúram lae an tseirbhís sin, féadfaidh tú ceist a chur ar sholáthraí na seirbhíse an bhfuil sé ar intinn acu páirt a ghlacadh sa scéim.

Is í 4 bliana 6 mhí an uasteorainn ach cuirfear síneadh léi sa chás nach féidir le leanbh tosú sa bhunscoil go dtí go mbeidh sé nó sí os cionn 5 bliana 6 mhí d'aois, de bharr polasaí rollaithe na scoileanna áitiúla nó toisc go ndearnadh measúnú go bhfuil moill forbartha ar an leanbh.

Conas a gcuirtear maoiniú ar fáil don Bhliain Réamhscolaíochta?

Íocfar táille chaipitlíocha le gach seirbhís rannpháirteach as gach leanbh incháilithe a bheidh ar a rolla. De chomaoin air sin, ceanglófar ar an tseirbhís clár oiriúnach ghníomhaíochtaí maidir le cúram agus oideachais luathóige (ECCE) a sholáthar is nach mbeidh ar thuismitheoirí íoc as. Cé go dtosóidh an bhliain réamhscolaíochta i Meán Fómhair gach bliain de gnáth, beidh tréimhse níos giorra i bhfeidhm i rith céad bhliain na scéime toisc go dtosóidh sé in Eanáir 2010.

Conas a chuirfear an Bhliain Réamhscolaíochta ar fáil?

Cuirfear seisiúin réamhscolaíochta ar siúl ar feadh 2 uaire 15 nóiméad sa lá, 5 lá na seachtaine ar feadh tréimhse 50 seachtaine do leanaí a bheidh ag freastal ar sheirbhís lánaimseartha nó páirtaimseartha. Féadfaidh an tseirbhís 3 sheisiún laethúla a mhairfidh 3 huaire 45 nóiméad a sholáthar gach seachtain le freastal ar thuismitheoirí a mbeidh a leanaí ag freastal ar sheirbhísí lánaimseartha nó páirtaimseartha 3 lá sa tseachtain. Is é €48.50 an táille chaipitlíocha a chuirfear ar fáil sa chás sin gach seachtain. Maidir leis na leanaí a gheobhaidh bliain réamhscolaíochta saor ó Eanáir go Lúnasa 2010 gheobhaidh siad 35 seachtaine agus ní 50 seachtaine réamhscolaíochta saor in aisce.

I gcás na leanaí sin a bhíonn ag freastal ar sheirbhís ghrúpa sheisiúnach shúgartha (a chuireann seirbhís ar fáil ar feadh thart faoi 3 huaire sa lá de gnáth), gheobhaidh siad sin seisiúin 3 huaire sa lá, 5 lá na seachtaine ar feadh tréimhse 38 seachtaine don bhliain réamhscolaíochta. Maidir le seirbhísí grúpaí súgartha nach bhfuil sé ar a chumas a bheith ar oscailt 5 lá na seachtaine, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh bliain réamhscolaíochta a sholáthar 3 huaire 30 nóiméad sa lá, 4 lá na seachtaine ar feadh tréimhse 41 seachtaine. I gcás na leanaí sin a mbeidh bliain réamhscolaíochta acu ó Eanáir go Lúnasa 2010 gheobhaidh siad 23 seachtaine réamhscolaíochta saor in aisce in áit na 38 seachtaine. Is é €64.50 an táille chaipitlíocha a chuirfear ar fáil sa chás sin gach seachtain.

D'fhéadfadh roinnt grúpaí súgartha seisiúnacha cinneadh a dhéanamh fanacht ar oscailt ar feadh 50 seachtaine sa bhliain seachas 38, agus sa chás sin féadfaidh siad seisiúin 2 uair 15 nóiméad a chur ar fáil gach lá, agus féadfaidh seirbhísí lánaimseartha nó páirtaimseartha cinneadh a dhéanamh seirbhísí grúpaí súgartha seisiúnacha a chur ar fáil, agus sa chás sin is é leagan amach na 38 seachtaine a bheidh i gceist.

An mbeidh ar thuismitheoirí táillí breise a íoc le haghaidh Bliain Réamhscolaíochta saor in aisce?

Ní bheidh. Caithfidh na seirbhísí a ghlacann páirt sa scéim bliain réamhscolaíochta a sholáthar saor in aisce do na tuismitheoirí. Féadfaidh seirbhís táillí a ghearradh ar thuismitheoirí ar choinníoll gur (a) seirbhísí roghnacha iad agus (b) go gcuirfear clár gníomhaíochtaí oiriúnacha ar fáil do na leanaí nach nglacann páirt sa gníomhaíocht roghnach.

D'fheadfadh seirbhís, mar shampla, ceol nó rince a thairiscint mar ghníomhaíocht bhreise a d'fhéadfadh tuismitheoirí a roghnú ach íoc as. Mura mbeadh siad sásta glacadh leis an ngníomhaíocht sin bheadh ar an tseirbhís gníomhaíocht oiriúnach eile a sholáthar dá leanbh. Féadfaidh na seirbhísí táillí a ghearradh ar uaireanta breise le cois an tsoláthair réamhscolaíochta saor in aisce. Dá mbeadh leanbh ag freastal ar sheirbhís lae iomláin ar feadh 10 n-uaire, mar shampla, d'fhéadfadh tuismitheoir a bheith ag súil le híoc as an 7 n-uaire 45 nóiméad nach mbeadh saor. I gcás seirbhíse seisiúnaí, d'fhéadfaí 30 nóiméad breise a sholáthar in aghaidh an lae mar bhreisiúchán roghnach a d'fhéadfaí táille a ghearradh air. Is féidir táillí a ghearradh ar thurais, cóisirí laethanta breithe, sneaiceanna is mar sin de ar choinníoll go bhfuil siad roghnach do thuismitheoirí.